Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7427/24**

**CLIMA 102**
**ENV 251**
**ENER 118**
**TRANS 135**
**AGRI 182**
**ECOFIN 283**
**COMPET 277**
**IND 134**
**MI 261**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6291/24 + ADD 1-6 |
| Ábhar: | Teachtaireacht maidir le Sprioc Aeráide 2040 na hEorpa<br>– Seisiún tuairimíochta |

1. Chun an seisiún tuairimíochta maidir leis an ábhar thuasluaite ag cruinniú na Comhairle Comhshaoil an 25 Márta 2024 a threorú, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an nóta agus na ceisteanna atá i gceangal leis seo do na hairí.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta agus na ceisteanna ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh an tseisiúin tuairimíochta.

**IARSCRÍBHINN**

**Teachtaireacht maidir le Sprioc Aeráide 2040 na hEorpa**

**- Seisiún tuairimíochta -**

**Réamhrá**

An 6 Feabhra 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún a Theachtaireacht maidir le sprioc aeráide 2040[1], ina gcuirtear i láthair fís iar-2030 i gcomhthéacs threisiú an athruithe aeráide agus luasghéarú an chostais san fhíorshaol. Leagtar amach ann fís don Eoraip ina samhlaítear ina mór-roinn í ag a bhfuil éiceachóras láidir tionsclaíoch, fuinneamh glan ísealcharbóin inacmhainne agus bia agus ábhair inbhuanaithe, lena ndéanfar freastal ar shaoránaigh an Aontais agus le gur athléimneach ó thaobh géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a bheidh an tAontas. Bunaíodh an Teachtaireacht ar mheasúnú tionchair críochnúil, agus moltar inti sprioc laghdú 90 % a dhéanamh ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2040, i gcomparáid le 1990, lena chinntiú go bhfanfaidh an tAontas ar an gconair chun na haeráidneodrachta faoi 2050. Meastar go bhfuil an sprioc a mholtar ag comhfhreagairt don chomhairle eolaíoch agus go bhfuil sí i gcomhréir leis na gealltanais a rinneadh faoi Chomhaontú Pháras. Tá sé beartaithe leis an Teachtaireacht tús a chur le díospóireacht chuimsitheach maidir leis an gcreat beartais aeráide iar-2030 a bheidh ann amach anseo. Déanfaidh an chéad Choimisiún eile na tograí reachtacha lena n-ionchorpraítear sprioc 2040 sa Dlí Aeráide Eorpach agus i mbearta earnálacha ina dhiaidh sin a chur ar aghaidh.

Cuireadh tús leis an scrúdú mionsonraithe ar an Teachtaireacht agus ar an measúnú tionchair ar leibhéal na Meithle sa Chomhairle an 12 Feabhra 2024. Mar gheall go dtéann an beartas aeráide i bhfeidhm ar an iomaí earnáil, tá an Uachtaránacht ag féachaint chuige go mbeidh ionadaithe ó earnálacha eile de chuid na Comhairle páirteach sna cainteanna sin.

[1] 6291/24 + ADD 1-6

**I dtreo aistriú cóir agus inbhuanaitheacht iomaíoch**

De réir na Teachtaireachta, is é an leictriú a bheidh lárnach san aistriú chuig córas cumhachta a bheidh dícharbónaithe go hiomlán faoi 2040 le haghaidh foirgneamh, iompar agus tionscal. A bhuí leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise, méadófar neamhspleáchas agus uathriail straitéiseach oscailte an Aontais agus laghdófar an baol go dtarlóidh suaitheadh praghsanna. Beidh an fuinneamh in-athnuaite ina chuid lárnach den aistriú sin, ach mar sin féin beidh gá le gach réiteach fuinnimh ísealcharbóin. Chun an tionsclaíocht a dhícharbónú, beidh gá le geilleagar níos ciorclaí, le húsáid mhéadaithe a bhaint as teicneolaíochtaí gabhála carbóin agus le réitigh ísealcharbóin a fhorbairt, chomh maith le timpeallacht rialála agus maoinithe a thacaíonn le hiomaíochas an Aontais. D’fhoilsigh an Coimisiún Teachtaireacht an 6 Feabhra 2024 maidir leis an mbainistiú ar an gcarbón tionsclaíoch[2] chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le ról méadaithe ó thaobh aistrithe carbóin thionsclaíocha sna hearnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo (mar chomhlánú ar aistrithe talamhbhunaithe).

Ba cheart astaíochtaí ón earnáil iompair a dhícharbónú gar do 80 % faoi 2040 i gcomparáid le 2015 trí infheistíocht láidir a dhéanamh i mbonneagar, i réitigh theicneolaíocha, sa phraghsáil carbóin, in úsáid breoslaí ísealcharbóin agus san aistriú módach. Ní mór astaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht agus ón earnáil talún a laghdú agus táirgeadh bia inacmhainne ar ardchaighdeán a áirithiú san Aontas ag an am céanna. Leagtar béim sa Teachtaireacht ar an ngá atá le comhordú a dhéanamh ó thús deireadh an tslabhra luacha bia agus le bainistiú níos tíosaí ar acmhainní agus níos neamhdhíobhálaí don bhithéagsúlacht ar an earnáil talún chun a hathléimneacht i leith an athraithe aeráide a mhéadú.

[2] 6306/24

Is príomhdháil cumasúcháin é cur chun feidhme iomlán chreat comhaontaithe 2030 chun sprioc 2040 a bhaint amach. Ní mór é sin a chomhlánú le creat cumasúcháin leathan le haghaidh an dá chuspóir den Chomhaontú Glas don Eoraip atá chomh tábhachtach céanna, eadhon aistriú cóir agus inbhuanaitheacht iomaíoch. Dá bhrí sin, ní mór díriú níos mó ar aistriú cóir nach bhfágann aon duine ar lár agus ar idirphlé straitéiseach, lena n-áirítear leis an tionscal agus le hearnáil na talmhaíochta. Beidh an phraghsáil carbóin fós ina príomhspreagadh don athrú, agus beidh gá le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) a fhorlíonadh le sásraí eile, mar shampla úsáid éifeachtúil a bhaint as cánachas fuinnimh agus deireadh a chur de réir a chéile leis na fóirdheontais bhreosla iontaise. Táthar ag súil leis go gcruthófar mórmhargadh intíre do mhonaróirí teicneolaíochta glaine agus go spreagfar taighde agus nuálaíocht leis an gcur in úsáid tapa is gá maidir le teicneolaíochtaí nialasacha agus ísealcharbóin. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil gá le cur chuige domhanda maidir leis an bpraghsáil carbóin chun cothroime iomaíochta a bhaint amach, ba cheart don Aontas leanúint de bheith rannpháirteach sa taidhleoireacht aeráide chun tionscnaimh um phraghsáil carbóin a spreagadh i ndlínsí eile.

**An costas neamhghníomhaíochta agus gníomhú don athrú aeráide mar bheartas infheistíochta**

Meabhraítear sa Teachtaireacht gur tháinig méadú ar theagmhais fhoircneacha a bhaineann leis an aeráid idir 1980 agus 2022, arb iad ba chúis le 220,000 bás agus €650 billiún i gcaillteanais eacnamaíocha le linn na tréimhse sin san Aontas, ar cailleadh thart ar EUR 179 billiún de sna 5 bliana seo a chuaigh thart. Dá bhrí sin, cinneadh Cúlchiste an Aontais um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála a mhéadú €1.5 billiún don tréimhse 2024-2027. Measann an Coimisiún gurb ionann na riachtanais infheistíochta bhliantúla bhreise san aistriú agus 1.5 % de OTI i gcomparáid leis an tréimhse 2011-2020, ach cuireann sé i bhfios go mbeadh costais i bhfad níos mó ann sna blianta amach romhainn mura ndéanfaí tada, agus go bhféadfadh costas carnach a bheith ann i dtéarmaí OTI caillte de €2.4 trilliún idir 2031 agus 2050, ar meastachán coimeádach é nach n-áirítear, mar shampla, an riosca go mbeadh pointí iompaithe ann. Thairis sin, má chuirtear dlús le bearta maidir le cosc ar rioscaí agus maidir le hullmhacht, feabhsófar athléimneacht an gheilleagair ina iomláine agus laghdófar na costais a bhaineann leis an aistriú.

Beidh gá le hAontas na Margaí Caipitil a neartú agus an Margadh Aonair a dhoimhniú chun leibhéal na n-infheistíochtaí príobháideacha a bhfuil gá leo a áirithiú, agus beidh ról lárnach ag an mBanc Eorpach Infheistíochta agus ag gníomhaithe airgeadais institiúideacha eile chun infheistíochtaí príobháideacha a shlógadh, go háirithe trí thionscadail a mhaolú, chun infheistíochtaí i mbonneagar a dhíghlasáil agus chun éifeacht chomharthaíochta a sholáthar do rannpháirtithe eile sa mhargadh. Le cistiú poiblí spriocdhírithe beifear in ann an úsáid is éifeachtúla a bhaint as ionstraimí atá ann cheana, mar shampla an Ciste don Nuálaíocht, ioncaim cheantála arna nginiúint ag EU ETS, agus buiséad an Aontais.

**Ceisteanna do na hairí:**

I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a phlé bunaithe ar na ceisteanna seo a leanas:

- *Conas ba cheart don Aontas leanúint den aistriú i dtreo na haeráidneodrachta agus an t-athrú aeráide ag treisiú agus a chostais san fhíorshaol ag luasghéarú? Cad iad na dálaí cumasúcháin tábhachtacha, dar leat, chun creat iar-2030 a fhorbairt?*

- *Cad iad na hearnálacha eacnamaíocha is mó atá in ann cur leis an aistriú iar-2030 agus cad iad na dúshláin is mó, dar leat?*

---